Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15844/23**

**DENLEG 58**
**AGRILEG 301**
**PESTICIDE 62**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 13 Samhain 2023 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2023)87938 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar iondocsacarb i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2023)87938.

---

Faoi iamh: D(2023)87938

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2023/242
(POOL/E4/2023/242/242-EN.docx)
D087938/04
[…](2023) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar iondocsacarb i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar iondocsacarb i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), agus Airteagal 18(1), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substainte gníomhaí iondocsacarb, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) I gcomhthéacs an nós imeachta chun formheas na substainte gníomhaí iondocsacarb a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], d'fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca ar an tsubstaint ghníomhach sin[3], lena mbunaítear iontógáil laethúil inghlactha ('ADI') níos ísle agus géardháileog thagartha níos ísle (ARfD).

(3) Chuaigh formheas na substainte gníomhaí iondocsacarb in éag an 19 Nollaig 2021 agus ní dhearnadh é a athnuachan [4]. Rinneadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás tuairim réasúnaithe a sholáthar maidir leis na rioscaí a bhféadfadh baint a bheith acu leis na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh iondocsacarb atá bunaithe ar lamháltais allmhairiúcháin agus ar uasteorainneacha iarmhar Codex ('CXLanna') i

---

1 IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

2 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

3 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance indoxacarb* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach iondocsacarb]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2018;16(1):5140.

4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2081 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2021 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí iondocsacarb, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 426, 29.11.2021, lch. 28).

bhfianaise an ADI agus an ARfD níos ísle. Sa tuairim réasúnaithe uaidh[5], shainaithin an tÚdarás rioscaí do-ghlactha i ndáil leis na MRLanna atá ann faoi láthair atá bunaithe ar CXLanna le haghaidh úll, piorraí, aibreog, silíní, péitseog, plumaí, fíonchaor boird agus fíniúnacha coiteanna, trátaí, piobar, ubhthorthaí, cúcamar, gircíní, cúirséad, mealbhacán, puimcíní, mealbhacán uisce, brocailí, cóilise agus leitíse. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a ísliú go dtí an teorainn chinnidh (LOD) ábhartha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(5) Thairis sin, sa chonclúid uaidh[6] maidir leis an athbhreithniú piaraí a foilsíodh i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le formheas iondocsacarb, mhínigh an tÚdarás nach bhféadfaí rioscaí do shláinte an duine a chur as an áireamh, mar gheall ar an easpa sonraí faoi thocsaineacht agus géineatocsaineacht na meitibilítí éagsúla agus na táirge díghrádúcháin éagsúla a fhoirmítear le linn an phróiseála ag teocht ard. Dá bhrí sin bhí gá go ndéanfadh na bainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. I gcás táirgí a phróiseáiltear ag teocht ard de ghnáth, ní féidir a dheimhniú go bhfuil na MRLanna atá bunaithe ar CXLanna sábháilte do thomhaltóirí. Baineann sé sin leis na MRLanna le haghaidh basal, prátaí, arbhar milis, pónairí (tirime), piseanna (tirime), piseanna talún, pónairí soighe, síolta cadáis, agus le haghaidh saille, ae, duáin agus scairteach inite ó mhucra, bó-ainmhithe, gabhair agus each-ainmhithe, le haghaidh fíocháin éanlaithe clóis, bainne agus uibheacha. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a ísliú go dtí an LOD ábhartha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1), pointe (a), de. I gcás táirgí nach bpróiseáiltear ag teocht ard de ghnáth, agus dá bhrí sin nach bhfoirmeofaí na meitibilítí ná na táirgí díghrádúcháin sin iontu, is féidir na MRLanna atá ann cheana atá bunaithe ar CXLanna a choinneáil ar bun. Baineann sé sin leis na MRLanna le haghaidh mónóg agus taenna. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh mónóg agus taenna a choinneáil ar bun in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil na MRLanna ar úlla, brocailí, cóiliseacha, ruachán, barra duilleog óga, fíocháin éanlaithe clóis agus uibheacha socraithe ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis na táirgí, níl gá ann a thuilleadh le sonraí daingniúcháin. Dá bhrí sin, na fonótaí uile ina bhfuil iarrataí ar shonraí daingniúcháin, ba cheart iad a scriosadh.

(6) Maidir le táirgí nach bhfuil aon lamháltas allmhairiúcháin ná aon CXL ann ina leith, ba cheart MRLanna a shocrú ag an LOD a bhaineann go sonrach leis an táirge nó ba cheart feidhm a bheith ag an MRL réamhshocraithe, mar a fhoráiltear in Airteagal 18(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(7) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá LODanna áirithe a oiriúnú. Maidir le gach substaint ghníomhach a chumhdaítear leis an Rialachán seo, mhol na saotharlanna sin LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.

---

[5] An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Targeted review of maximum residues levels (MRLs) for indoxacarb* [Athbhreithniú spriocdhírithe ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh iondocsacarb]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(8):7527.

[6] An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance indoxacarb* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach iondocsacarb]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2018;16(1):5140.

(8) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.

(10) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna nua ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú do na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 6 mhí tar éis dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*